An Comhchoiste um Fhiontair, Trádáil agus Fostaíocht, cruinniú ar an 14ú Iúil 2021, réamhrá ó Bertie Ó hAinmhire SADAKA

GRMA a chathaoirligh, thank you chair.

I am joining you today from beautiful Chois Fharraige in the heart of the Conamara Gaeltacht. In my brief contribution I will therefore address you mostly in Irish with a short summary in English at the end.

Thar ceann Sadaka ba mhaith liom a rá go bhfuil muid thar a bheith buíoch díotsa a chathaoirligh agus go deimhin den choiste as an deis seo atá tugtha dúinn inniu. Tá mé féin fíor-bhuíoch as an deis labhairt libh agus comhfhreagras a dhéanamh leis an gCléireach trí Ghaeilge, ní minic a tharlaíonn sé ach tá bhur dtiomantas le moladh.

Ciallaíonn an focal Sadaka 'cairdeas nó 'carthanas' agus tá sé mar sprioc ag Sadaka tacaíocht_a mhéadú agus a láidriú ar mhaithe le saoirse agus cearta daonna na bPalaistíneach.

Teastaíonn uainn dul i bhfeidhm an oiread agus is féidir ar Rialtas na hÉireann agus ar an Aontas Eorpach ar mhaithe le pobal na Palaistíne.

Beidh an béim inniu ar an dlí idirnáisiúnta agus ar cearta daonna i gcomhthéacs cúrsaí trádála agus gnó. Tá aoi-chainteoirí den scoth againn, go bhfuil cáil idirnáisiúnta orthu – Hugh Lovatt ón gComhairle Eorpach um Chaideamh Coigríche

agus Martin Konecny ó Thionscadal an Mheánoirthear den Aontas Eorpach. Tá mionsonraí faoin mbeirt acu curtha ar fáil don choiste cheana féin agus tá áthas orainn i Sadaka go bhfuil siad linn inniu chun a saineolas a roinnt linn.

A chathaoirligh, cruthaíonn an méadú seasta ar na lonnaíochtaí mídhleathacha sa Phalaistín, bagairt ollmhór ar an bpobal bPalaistíneach. Baineann an rud céanna leis an straitéis gaolmhar atá ag na hIosraelí , ina glactar seilbh ar thalamh agus déantar scrios ar thithe.

De réir - na Náisiúin Aontaithe, an Aontas Eorpach agus go deimhin an Chúirt Bhreithiúnais Idirnáisiúnta tá na lonnaíochtaí seo de chuid Iosrael iomlán mídhleathach faoin dlí idirnáisiúnta. Ar ndóigh tá muid sa tír seo in aghaidh na lonnaíochta sa Phalaistín agus tá sé ráite ag an rialtas, go bhfuil muid ag seasamh go láidir leis na rúin éagsúla atá rite ag Comhairle Slándála na Náisiúin Aontaithe maidir leis na lonnaíochtaí céanna.

Faraor ní dhearnadh mórán riamh le stop a chur le fás na lonnaíochtaí mídhleathacha seo, agus cé go n-admhaíonn an Aontas Eorpach go bhfuil na lonnaíochta mídhleathach agus ina ndris chosáin roimh an tsíocháin, leanann an Aontas Eorpach ag trádáil le Iosrael i gcónaí. Níl aon amhras ach go gcuidíonn an brabach ón trádáil seo go mór chun na lonnaíochtaí mídhleathacha a choinneáil beo agus inmharthana. Mar sin

cinntíonn an trádáil seo go leanann an briseadh dlí idirnáisiúnta.

Tá tógáil agus méadú na lonnaíochtaí ar an mBruach Thiar mar bhagairt ollmhór ar aon réiteach sa Phalaistín anois. Tá sé tábhachtach go ndéanfaimid machnamh inniu ar na céimeanna gur féidir linn a thógáil sa tír seo agus taobh istigh den Aontas Eorpach chun stop a chur leis an scéal tubaisteach seo.

Tá a fhios agaibh uile go raibh stailc thuas ansin i mBaile Átha Cliath i Dunnes Stores a thosaigh i 1984 agus a lean ar feadh 4 bliana. Mar thoradh ar an stailc sin chuir an rialtas ag an am cosc iomlán ar iompórtáil earraí ón Aifric Theas agus tá a fhios againn céard a tharla ina dhiaidh sin. Nach ba dheas an rud é a chathaoirligh dá gcuirfí tús le gluaiseacht mar an gcéanna arís anois i gcás na Palaistíne agus go dtiocfadh an ceannródaíocht céanna ón rialtas.

So a chathaoirligh on behalf of Sadaka I want to thank you and this Committee most sincerely for this opportunity today. Sadaka aims to maximise support for the freedom and human rights of the Palestinian people. In this context - as you will hear later - trade and business with illegal settlements in Palestinian territory and respect for International Law are vitally important. As I said as Gaeilge we are delighted to have two internationally renowned experts with us today – Hugh Lovatt and Martin Konecny whose details have already been provided to Committee members.

A Chathaoirligh, in 1984 a 4 year long strike took place at Dunnes Stores in Dublin in protest at South African Apartheid policies. This eventually led to a ban on imports from South Africa - and as they say the rest is history. And I will leave you with this thought - Wouldn’t it be an great achievement if Ireland showed the same leadership again in 2021 in defence of Palestinian communities.

A chathaoirligh with your permission I will now hand over to Hugh Lovatt to make the opening statement.